

Tréithe a bhain le Réimeas Faisisteach |

Freagra samplach

'Le linn na mblianta idirchogaidh, cad iad na tréithe a bhain le réimis fhaisteacha san Eoraip?' 2019

Idir na blianta 1918 agus 1939 bhí go leor ceannairí faisisteacha a tháinig chun cinn. Is iad na trí cinn is suntasaí ná Mussolini na hIodáile, Hitler na Gearmáine agus Franco na Spáinne. Is é an rud a bhí i gcoiteann ag an triúr seo ná gur eascair a gcumhacht ó mhíshástacht i measc an phobail i gcoitinne. Bhí ceithre thréith i gcoiteann acu freisin. Bhraith siad ar fad ar bholscaireacht, d'úsáid an ceathrar acu póilíní rúnda, dhírigh siad ar gheilleagar láraithe láidir agus chuir siad srian géar ar shaoirsí sibhialta.

D'úsáid an Iodáil Mussolini cuid mhaith bolscaireachta. D'fhorbair sé cultas pearsan agus tugadh 'Il Duce' air go coitianta. Ba mhinic a ghlacadh grianghraif dó lena leon baineann Italia. Forbraíodh an frása "Bíonn an ceart ag Mussolini i gcónaí" agus bhí aithne air mar shároibrí, mar fhear spóirt, mar státaire agus mar athair an náisiúin. Rinne stát na hIodáile rialú ar na meáin freisin. Idir 1926-1936, tháinig méadú ar líon na raidíonna i dtithe ó 27,000 go 1 mhilliún raidió. Lig sé seo do Mussolini a bholscaireacht a scaipeadh ar theaghlaigh i ngach áit.

D'úsáid Hitler a lán bolscaireachta freisin. D'úsáid sé Slógaí Nurnberg le braistint aontachta a chothú, chomh maith le dílseacht don cheannaire (Führer). Cothaíodh an bhraistint seo le húsáid drumáí, chomh maith le harm agus bratach. Thug sé go leor óráidí freisin a léirigh teachtaireacht shóisialach náisiúnta. D'fhostaigh sé Joseph Goebbels freisin mar "aire bolscaireachta agus tuisceana poiblí". Chuir sé preasagallamh laethúil ar fáil agus thug sé treoracha don nuacht maidir leis an gcaoi le faisnéis ar bith a chur i láthair. D'fhostaigh sé Leni Riefenstahl freisin a léirigh scannáin bolscaireachta mar "Olympia" a bhain le Cluichí Oilimpeacha Bheirlín 1936 agus "Triumph des Willens" (Bua na Tola), a léirigh rath Hitler ag Slógaí Nurnberg. Cosúil le Mussolini, d'fhorbair sé cultas pearsan freisin. Saoire náisiúnta a bhí ina bhreithlá freisin agus rinne manaí mar "Ein Reich, ein Volk, ein Führer" féiniúlacht na Gearmáine a nascadh go dlúth leis an gceannaire.

Bhí síolteagasc an-choitianta san Iodáil agus bhí sé éigeantach do leanaí na hIodáile dul isteach sa Balilla. Chuir an eagraíocht seo oideachas ar bhuachaillí faoi ghlóir Impireacht na Róimhe. Chonacthas síolteagasc den chineál céanna sa Ghearmáin. Bhí ar bhuachaillí sa Ghearmáin dul isteach in Hitlerjugend, dream a chuir oiliúint orthu le bheith ina saighdiúirí smachtaithe. Chuaigh cailíní na Gearmáine isteach i Léig Iníonacha na Gearmáine, áfach. Tugadh mana simplí dóibh ionas nach ndéanfaidís dearmad ar a gcuid dualgas, “Kinder, Küche, Kirche” nó “Páistí, Cistin, Eaglais”.

Bhí úsáid póilíní rúnda feiceálach sa dá thír freisin. D'úsáid an Iodáil an OVRA a dhíbir 4,000 ‘bagairt’ agus bhunaigh Mussolini cúirteanna chun déileáil le coirpigh. Ní raibh na póilíní seo chomh géar céanna le póilíní rúnda na Gearmáine, an Gestapo. D'úsáid siad sceimhle mar bhealach chun déileáil le grúpaí neamhmhianaithe. Idir 1933-1939, gearradh tréimhse phríosúnachta ar 16,000 coirpeach sa Ghearmáin, nach raibh iontu ach daoine homaighnéasacha, giofóga agus trampaí. Bhí orthu dul go campaí, Dachau mar shampla.

Ní raibh mórán de fhreasúra polaitiúil ag Mussolini ná ag Hitler. In 1927, d'úsáid Mussolini dlí Acerbo lig dó an tír a rialú le horduithe, agus thug sé cead don Mhórchomhairle Fhaisisteach seiceáil a dhéanamh ar aon iarrthóir. Go bunúsach, chuir sé seo cosc ar aon pháirtí polaitíochta eile. Ansin thug Hitler ról an tSeansailéara agus an Uachtaráin le chéile faoin Acht Údaraithe, acht a lig dó an tír a rialú le horduithe dá chuid. In 1934, tharla Oíche na Sceana Fada, inar maraíodh naimhde polaitiúla Hitler. Mar thoradh air seo, cuireadh “Fronta Saothair na Gearmáine” in ionad na gceardchumann. Fuair sé réidh le tionóil an stáit le rialtas puipéid a bhunú, ar ar tugadh Reichstag. Tugadh beartas Gleichschaltung nó ‘Comhordú’ air seo.

Bhí an dá thír thar a bheith náisiúnaíoch. Maidir leis an Iodáil, mhaígh Mussolini go raibh sé chun concas a dhéanamh ar thíortha eile agus tír iontach a dhéanamh den Iodáil. Theastaigh uaidh go mbeadh Impireacht na Meánmhara de chuid na hIodáile níos fearr ná Impireacht na Róimhe. In 1936, rinne sé ionradh ar Abyssinia. Gheall Hitler go bhfaigheadh sé réidh le Conradh Versailles agus go bhfaigheadh sé onóir na Gearmáine ar ais. Rinne sé athmhíleatú ar Dhúiche na Réine in 1936, ghabh sé seilbh ar an tSuidéit (Sudetenland) in 1938 agus fuair sé Anschluss san Ostair in 1938.

Theastaigh ón dá cheannaire gan a bheith ag brath ar thíortha eile. San Iodáil, chruthaigh siad sraith cathanna chun táirgeadh bia a mhéadú. Bhí cath cruithneachta ann agus cath le haghaidh míntíriú talún, draenáil Agro (Bogaigh) Pontino. Sa Ghearmáin cruthaíodh ábhair shintéiseacha agus rinneadh ábhar a athúsáid, a laghdú agus a athchúrsáil. Ina ainneoin sin, áfach, ní raibh ceachtar acu in ann a bheith neamhspleách ar thíortha eile toisc gur bhraith siad an iomarca ar ola agus ar rubar.

Mar fhocal scoir, bhí difríochtaí idir na réimis fhaisisteacha san Eoraip ach ar roinnt de na gnéithe a bhain le gach réimeas bhí cinsireacht, bolscaireacht, póilíní rúnda, cos ar bolg polaitiúil agus fiornáisiúnachas.